

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

DÁMHA NA nDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

SCOIL NA GAEILGE

SCRÚDUITHE NA BLIANA 2000-1

SEIMEASTAR II

AN DARA BLIAIN

An Dara Páipéar

NG 234 (2.5 ECTS), NG 236 (2.5 ECTS), NG 238 (2.5 ECTS)

**Alan Titley
Séamus Mac Mathúna
Mícheál Mac Craith
Máirtín Ó Briain
Pádraig Ó Héalaí**

Trí huaire an chloig a cheadófar.

Trí cheist le freagairt, ceist amháin as gach Roinn.

Úsáid freagarleabhar ar leith do gach Roinn.

Roinn A: NG 234 Filí agus Filíocht II

1 Inis cén léargas a thugtar duit ar chúrsaí na hÉireann i rith an 17ú haois i bhfilíocht na haoise sin.

NÓ

2 Luaigh **beirt** ar bith d'fhilí na tréimhse 1600 go dtí 1850 agus déan plé ar a saothar fileata.

NÓ

3 Scríobh cuntas ar thraidisiún na filíochta i gCúige Uladh san 18ú hAois.

Roinn B: NG 236 Prós agus Scéalaíocht II

1 Tá leanúnachas suntasach le sonrú i dtraidisiún na scéalaíochta sa tír seo. Pléigh.

NÓ

2 Má bhí an scéalaí Gaelach dílis don traidisiún níor fhág sin gan bua ealaíne an cur i láthair a rinne sé ar a scéalta. Pléigh.

NÓ

3 Tábhair cuntas ar na hócáidí a n-instí scéalta agus ar mheath thraidisiún na scéalaíochta.

NÓ

4 Mínigh an tarraingt a bhí sa scéal iontais dá lucht éisteachta.

NÓ

5 Pléigh an ceangal a dhéantar sa bhéaloideas idir na sí agus Aingil an Uabhair agus na sí agus na mairbh.

Roinn C: NG 238 Litríocht an Fichiú hAois: Úrscéal

1 Ní laoch sa chiall thraidisiúnta é Máirtín Dubh Caomhánach. Pléigh.

NÓ

2 Cruthaíonn Eoghan Ó Tuairisc meascán spéisiúil den réalachas agus den mhiotas in *L'Attaque*. Do thuairim faoi sin.

NÓ

3 Déan *L'Attaque* a mheas mar shampla den úrscéal staire.

NÓ

4 Is é rúndiamhair John Walters an ghné is spéisiúla de *Dochtúir na bPiast*. Pléigh.

NÓ

5 Is úrscéal breá coiriúlachta é *Dochtúir na bPiast*. Do thuairim faoi sin.

NÓ

6 Is é an bua is mó atá ag Maidhc Dainín Ó Sé gur féidir leis an léitheoir a choinneáil ar bís ó thús deireadh an scéil. An fíor sin faoi *Dochtúir na bPiast*?